

Eibhlín Ní Chróinín




Image courtesy of Coláiste na Mumhan

Rugadh Eibhlín Ní Chróinín (1879–1964) i Céim Chorrbhuaile, Béal Átha an Ghaorthaidh, iníon le Conchubhar Ó Cróinín, feirmeoir, agus Abbey Ní Luasa. D’fhreastail sí ar an mbunscoil sa sráidbhaile. Léiríonn taifid an daonáirimh gur chaith sí tamall mar chúntóir múinteoireachta i gCill na Martra.

Ó fhómhar na bliana 1901, mhúin sí i gCraobh Chill Chainnigh de Chonradh na Gaeilge, nuair nach raibh sí ach 17 mbliana d’aois agus chaith sí breis agus seasca bliain mar mhúinteoir agus eagraí Gaeilge i gCill Chainnigh.

Chaith sí a samhraí ag múineadh i gColáiste na Mumhan; fuair sí teastas múinteora ón gColáiste i 1904, an bhliain a osclaíodh é. Bhí sí ar fhoireann an Choláiste ar feadh daichead bliain agus i gceannas ar an scoil samhraidh do thosaitheoirí sna blianta tosaigh.

'There is no need to praise Eibhlín's teaching powers as all who came to the school last year pronounced her a "wonder"' (*An Claidheamh Soluis*, 24 July 1909).

Eibhlín Ní Chróinín (1879–1964) was born in Céim Chorrbhuaile , Béal Átha an Ghaorthaidh, the daughter of Cornelius Cronin and Abbey (née Lucey). She attended primary school in the village. Census records show that she spent time as a teaching assistant at Cill na Martra.

From the autumn of 1901, she taught at the Kilkenny Branch of Conradh na Gaeilge, when she was just 17 and she spent over sixty years as an Irish teacher and organiser in Kilkenny.

Her summers were spent teaching at Coláiste na Mumhan; she received a teacher's certificate from the Coláiste in 1904, the year it opened. She was on the staff of the Coláiste for forty years and in charge of the summer school for beginners in the early years.

'There is no need to praise Eibhlín's teaching powers as all who came to the school last year pronounced her a "wonder"' (An Claidheamh Soluis, 24 July 1909).

Foinse/Source: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=321>